

CEANNAIDHE AN PHOILL BHÁIN

Ceannaidhe siubhail a bhí ann agus bhí bean aige. Bhíodh tightheadha áirid déanta amach aige dó féin ag imtheacht agus a'tigheacht dó. D'fhága sé a bhean ina dhiaidh uair amháin nar mhaith leis í a thabhairt leis ag an gceann cúrsa a raibh sé féin a' guil ann. D'fhága sé i dteach í a raibh siopa ann. Chuaidh sé féin annsin chomh fada is a bhí le ghuil aige. Nuair a bhí sé a' teacht ar ais aríst as bhí sé ina oidhche agus bhí sé a' déanamh ar an teach a raibh a bhean ann. Casadh beirt fhear leis ar an mbóthar agus agus bhí an triúr a' siubhal le chéile go raibh sé a' déanamh lae. Aimsir bhriste a bhí ann agus bhí garda ar na bóithre. Casadh an garda leis an triúr agus thóg siad an triúr. Thugadar leob iad. Bhíodar ceangailte a' siubhal amach roimh an ngarda. Bhíodar a' siubhal go dtáinig siad ag teach. Duine ar bith a bheadh amuigh san oidhche aimsir bhriste bhí sé le caitheamh dá mbeirtí air. Nuair a tháinigedar seo cho fada leis an teach sé an chéad duine a chuireadar in aghaidh an dorais lena chaitheamh, an ceannaidhe. Sheas fear den gharda amach go gcaitheadh sé é. Loic an gunna trí huair.

Caitheadh amach an ceannaidhe ón gcomhla nuair a loic na trí hiarraidh air. Cuireadh fear eile annsin ag an doras agus caitheadh é. Níor loic an gunna. Mharbhuigh an t-urchar é. Caitheadh an dara fear annsin. Marbhuigheadh é. Dubhradh nach raibh an ceannaidhe a' déanamh tada as bealach, dá mbeadh go marbhóchaidh ar an gcéad iarraidh é. Sgaoileadh bealach leis.

Tháinig sé cho fada le n-a bhean agus an oidhche dar gcionn tháinig an garda ag an siopa a raibh siad a' fanacht ann. Fuagruigheadh go raibh an garda a' tigheacht. Fear ar bith a raibh cóta gorm air bhí sé le marbhú. Ní dhearna bean an cheannaidhe ach a rádh leis an bhfear cripidín a dhéanamh de féin agus go suidhfeadh sí féin air. Bhuaile sé a cheann anuas ar a chosa agus shuidh sí air agus agus sgaoil sí a cóta ar chaon taobh de. Ní raibh blas ar bith de le feiceál. Tháinig an garda isteach agus níor fhágadar fear sa teach nar sháthadar le n-a sleaghacha. Níor bhacadar le bean ar bith. Níor tháinig aon fhear dá raibh sa teach beo ach Ceannaidhe an Phoill Bháin.